



## GRÉASÁIN THRAS-EORPACHA — TREOIRLÍNTE

Áirítear sa Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) na gréasáin thras-Eorpacha (GTEnna) i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide, a luadh i gConradh Maastricht ar dtús, chun limistéir uile AE a cheangal le chéile. Is uirlisí iad na gréasáin sin atá ceaptha cur le fás an mhargaidh inmheánaigh agus le fostaíocht, agus spriocanna comhshaoil agus forbartha inbhuanaithe á saothrú acu ag an am céanna. Rinneadh athchóiriú ó bhonn ar an ngréasán tras-Eorpach iompair in 2013.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 170-172 agus 194(1)(d) den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (le tagairt shonrach d'fhuinnimh in Airteagal 194(1)(d)).

Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE.

### CUSPÓIRÍ

I gConradh Maastricht cuireadh de chúram ar AE gréasáin thras-Eorpacha (GTEnna) a bhunú agus a fhorbairt i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide chun cabhrú forbairt a dhéanamh ar an margadh inmheánach, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, réigiúin oileánacha, talamhiata agus forimeallacha a cheangal le réigiúin láir an Aontais agus críoch AE a thabhairt níos gaire do stáit chomharsanacha.

### TORTHAÍ

#### A. Treoirlínte agus smaointe ginearálta

Ina Pháipéar Bán ó 1993 ar an bhFás, ar an lomaíochas agus ar an bhFostaíocht, leag an Coimisiún béim ar ríthábhacht na GTEnna don mhargadh inmheánach, agus go háirithe do chruthú post, ní hamháin trí thógáil bonneagair ann féin, ach a bhuíochas freisin dá ról i bhforbairt eacnamaíoch ina dhiaidh sin. D'fhormheas an Chomhairle Eorpach i gCorfú agus in Essen 14 thionscadal tosaíochta don iompar agus 10 dtionscadal tosaíochta d'earnáil an fhuinnimh in 1994.



## **B. Bearta reachtacha earnála**

### **1. Iompar**

#### **a. Treoirlínte 1996**

Leagadh amach na paraiméadair ghinearálta don ghréasán foriomlán le Cinneadh Uimh. 1692/96/CE an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail chun an gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a fhorbairt. Bunaíodh leis saintréithe an ghréasáin ar leith do gach modh iompair agus sainithníodh tionscadail incháilithe leasa choitinn, chomh maith le tionscadail tosaíochta. Cuireadh béim ar mhodhanna iompair neamhdhíobhálach don chomhshaoil, go háirithe tionscadail iarnróid. Cumhdaíonn TEN-T iomlán chríoch AE agus féadfaidh sé leathnú chomh fada le tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus tíortha comhpháirtíochta na hEorpa Thoir-Theas agus na Meánmhara. Ag an tús, rinne sé na 14 thionscadal incháilithe leasa choitinn a ghlac Comhairle Eorpach Essen a ionchorprú. Le Cinneadh Uimh. 1346/2001/CE an 22 Bealtaine 2001 lenar leasaíodh treoirlíne TEN-T maidir le calafoirt, calafoirt intíre agus críochfoirt idirmhódúla, cuireadh i gcrích ‘plean forbartha iompair’ Comhphobail do gach modh iompair.

#### **b. Athbhreithniú 2004 ar threoirlínte TEN-T**

Mar thoradh ar mhéaduithe 2004 agus 2007, chomh maith le moilleanna suntasacha agus fadhbanna maoinithe — go háirithe maidir le codanna trasteorann — rinneadh athbhreithniú suntasach ar threoirlínte TEN-T. Rinneadh méadú go 30 ar líon na dtionscadal tosaíochta liostaithe, agus ceangal ar gach ceann acu reachtaíocht chomhshaoil AE a chomhlíonadh. Tugadh isteach coincheap nua ‘Mótarbhealaí na Farráige’ ag féachaint le huiscebhealaí ar leith a dhéanamh níos éifeachtaí agus loingseoireacht ghearrthuais a chomhtháthú le hiompar ar iarnród.

In 2005 ceapadh ‘Comhordaitheoirí Eorpacha’, do thionscadail a raibh tábhacht ar leith ag baint leo, le bheith mar idirghabhálaithe chun teagmháil a dhéanamh le húdarais chinnteoireachta náisiúnta, oibreoirí agus úsáideoirí iompair agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuireadh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpach (TEN-TEA) ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2006, agus é mar chúraim uirthi faireachán agus ullmhúchán teicniúil agus airgeadais a dhéanamh maidir le cinní ar thionscadail arna mbainistiú ag an gCoimisiún.

#### **c. Athbhreithniú 2013: gréasán comhtháthaithe, struchtúr dhá shraith (croí/cuimsitheach) agus conairí TEN-T**

Tá beartas nua maidir le bonneagar iompair AE dírithe ar an meascán de bhóithre, iarnróid, uiscebhealaí intíre, aerfoirt, calafoirt intíre agus mhuirí agus críochfoirt iarnróid/bóthair Eorpacha a athrú ina ghréasán comhtháthaithe a chuimseoidh na Ballstáit uile. Is ionann easpa bonneagair chomhleanúnaigh iompair den chineál seo agus bac tromchúiseach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chun an gréasán seo a chruthú tá gá le hullmhú agus cur chun feidhme na mílte tionscadal atá ceaptha deireadh a chur leis na scrogaill atá ann cheana, an bhearna a líonadh idir naisc agus idir-inoibritheacht a fheabhsú idir modhanna éagsúla iompair, chomh maith le bonneagair iompair réigiúnacha agus náisiúnta. Thairis sin, i measc na dtosaíochtaí d’fhorbairt bhonneagar TEN-T tá cur i bhfeidhm réitigh teicneolaíochta nuálacha, a



bhfuil ról ríthábhachtach le himirt acu san athrú ar an iompar chun é a dhéanamh inrochtana do gach saoránach agus córas níos sábháilte, inbhuanaithe, ísealcharbóin agus tíosach ar fhuinneamh a chruthú.

Leis an mbeartas nua maidir le bonneagar iompair AE bunaítear, den chéad uair, struchtúr dhá shraith do bhealaí iompair AE, a áiríonn gréasán cuimsitheach (lena n-áiríthítear ceangail éifeachtacha chuig réigiúin uile AE) agus croíghréasán (comhdhéanta de na gnéithe is tábhachtaí ó thaobh straitéise sa ghréasán cuimsitheach). Ba cheart go dtabharfaí na tionscadail, chomh maith leis an ngréasán cuimsitheach chun críche faoi dheireadh 2050. Maidir leis na tionscadail ar páirt iad den chroíghréasán, ba cheart go gcomhlíonfadh siad critéir TEN-T faoi dheireadh 2030.

De bhreis air sin, tugadh isteach naoi bpríomhchonair ilmhódach mar ionstraim bheartais nua chun éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhordaithe na dtionscadal atá lonnaithe ar an gcroíghréasán. Tá sé beartaithe leis na conairí seo páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile chun na hacmhainní a chur le chéile d'fhorbairt an chroíghréasáin. Lena chinntiú go gcuirtear na conairí chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, faigheann gach ceann acu tacaíocht ó chomhordaitheoir Eorpach.

Dírítear i mbeartas TEN-T ar fhorbairt 'Mhótarbhealaí na Farraige' freisin, chomh maith le cur chun feidhme an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtála Iarnróid (ERTMS). Dá réir sin, ceapadh beirt chomhordaitheoirí Eorpacha breise, duine do gach aon cheann de na gníomhaíochtaí thuas, chun próiseas a gcur chun críche chomhchuíbhithe a threorú. In 2015, rinne gach duine de na comhordaitheoirí Eorpacha plean oibre a tharraingt suas do chonair Mhótarbhealach na Farraige nó ERTMS faoi seach. Beidh na pleananna oibre sin le tabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, ag cur an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na dtionscadal san áireamh. Thairis sin, tá mórathbhreithniú ar chur chun feidhme an chroíghréasáin beartaithe in 2023.

In 2014, athainmníodh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh mar an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin (INEA). Seachas leanúint le forghníomhú Chlár TEN-T agus Chláir Marco Polo 2007-2013, tugadh mar chúraim don Ghníomhaireacht bainistiú teicniúil agus airgeadais a dhéanamh ar an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) agus ar chodanna den chlár Fís 2020, clár AE eile a thugann tacaíocht do thaighde i réimse (*inter alia*) an iompair chliste, ghlais agus chomhtháthaithe (chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhaoiniú na GTenna, féach [3.5.2](#)).

**d.** Ullmhúchán don chéad athbhreithniú eile ar TEN-T (beartaithe in 2023)

I Meán Fómhair 2018, sheol an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin maidir le cur chun feidhme TEN-T ó tháinig na treoirlínte i bhfeidhm. Táthar ag tabhairt faoin meastóireacht mar ullmhúchán don athbhreithniú ar TEN-T in 2023, agus tá sé i gceist léi freisin measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bheartas TEN-T i bpríomhréimsí amhail breoslaí ionadúla, an digitiú agus iompar ilmhódach.



## 2. Fuinneamh

### a. Treoirlínte 1996

Ag an gcruinniú mullaigh in Essen in 1994, bronnadh stádas tosaíochta ar roinnt de na tionscadail gréasán fuinnimh. Le Cinneadh Uimh. 1254/96/CE an 5 Meitheamh 1996, leagadh síos sraith treoirlínte do ghréasáin fuinnimh thras-Eorpacha (GTE-F), agus é mar aidhm leo cur ar chumas an Chomhphobail tionscadail incháilithe leasa choitinn a shainaithint agus cabhrú creat a chruthú a bheadh fabhrach dá gcur chun feidhme, chomh maith le cuspóirí earnálacha don leictreachas.

### b. Treoirlínte reatha

Le Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE an 6 Meán Fómhair 2006, tugadh isteach treoirlínte nua maidir le nuashonrú a dhéanamh ar na GTE-Fanna, lenar aisghaireadh na treoirlínte roimhe sin ó 1996 agus 2003. Is iad na cuspóirí reatha ná foinsí soláthair a éagsúlú, slándáil an tsoláthair a mhéadú trí naisc a neartú le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad (tíortha aontachais agus tíortha eile in imchuacha na Meánmhara, na Mara Duibhe agus an Mhuir Chaisp, chomh maith le tíortha i réigiúin an Mheánoirthir agus Mhurascaill na Peirse), gréasáin fuinnimh a ionchorprú isteach sna Ballstáit nua agus rochtain ar na GTE-Fanna a áirithiú do réigiúin oileánacha, talamhiata agus forimeallacha.

Shainaithin AE tionscadail atá incháilithe do mhaoiniú an Aontais agus roinn sé iad i dtrí chatagóir: tionscadail leasa choitinn a bhaineann le gréasáin leictreachais agus gháis agus a léiríonn inmharthanacht eacnamaíoch acmhainneach; tionscadail tosaíochta a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh agus maoiniú an Aontais á dheonú, agus tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa ar tionscadail tosaíochta iad freisin agus ar de chineál trasteorann iad nó a bhfuil tionchar suntasach acu ar an acmhainn tarchurtha trasteorann.

Ar na tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta sa réimse seo, ar gá dóibh a bheith comhoiriúnach do na spriocanna forbartha inbhuanaithe, áirítear: (a) fuinneamh inathnuaite a úsáid agus ceangail níos fearr a áirithiú idir na saoráidí a tháirgeann é; (b) teicneolaíochtaí níos éifeachtaí a úsáid a chuireann srian leis na cailteanais chomhshaoil agus na rioscaí a bhaineann le hiompar agus traschur fuinnimh; (c) gréasáin fuinnimh a bhunú i réigiúin oileánacha agus fhíor-fhorimeallacha agus éagsúlú maidir le foinsí fuinnimh a chur chun cinn ag an am céanna, agus (d) idir-inoibritheacht ghréasáin AE reatha le gréasáin na mBallstát nua agus na dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad a áirithiú. Sainaithnítear in Iarscríbhinn I den chinneadh 32 thionscadal ar mhaithe le leas na hEorpa don leictreachas agus 10 gcinn don ghás, agus in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III liostaítear 164 thionscadal don leictreachas agus 122 don ghás.

Faoin gcreat airgeadais don tréimhse 2007-2013, rinneadh EUR 155 milliún a leithdháileadh ar na GTE-Fanna. Ceapadh ceathrar comhordaitheoirí Eorpacha in 2007.

Leis an teideal nua ar fhuinneamh i CFAE (Airteagal 194(1)(d)) cuirtear bunús dlí láidir ar fáil chun idir-naisc sna gréasáin fuinnimh a chur chun cinn.



### 3. Teileachumarsáid

Le Cinneadh Uimh. 2717/95/CE an 9 Samhain 1995 bunaíodh sraith treoirlínte maidir le EURO-ISDN (Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite) a fhorbairt mar GTE. Shainaithin sé cuspóirí, tosaíochtaí agus tionscadail leasa choitinn chun raon seirbhísí a fhorbairt, bunaithe ar EURO-ISDN, d'fhonn gréasán cumarsáide leathanbhanda Eorpach a bhunú amach anseo.

Le Cinneadh Uimh. 1336/97/CE an 17 Meitheamh 1997, leagadh síos treoirlínte do ghréasáin teileachumarsáide thras-Eorpacha (TEN-Telecom). Leagadh amach na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na bearta go ginearálta a bhí beartaithe sa chinneadh. I measc na dtosaíochtaí a glacadh, áiríodh iarratais a rannchuidigh le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus le gréasáin bhunúsacha a fhorbairt, go háirithe gréasáin satailíte. Rinneadh modhnú de bheagán ar na treoirlínte sin le Cinneadh Uimh. 1376/2002/CE an 12 Iúil 2002.

Sna treoirlínte, sainithníodh tionscadail leasa choitinn agus sonraíodh nósanna imeachta agus critéir maidir lena roghnú. Leis an gclár Comhphobail eTEN, ar príomhionstraim í den phlean gníomhaíochta ar a dtugtar 'Ríomhsheirbhísí na hEorpa 2005': Sochaí faisnéise do gach duine', rinneadh forbairt ar an gclár EURO-ISDN freisin. Bhí sé beartaithe leis an gclár, a cuireadh i gcrích in 2006, tacaíocht a thabhairt d'imscaradh tras-Eorpach seirbhísí bunaithe ar ghréasáin teileachumarsáide. Tá infheistíocht AE dírithe faoi láthair ar nuachóiriú a dhéanamh ar na gréasáin reatha.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá tacaíocht láidir tugtha ag an bParlaimint do bheartais TEN, agus tá aird tarraingthe go rialta aici ar mhóilleanna i gcur chun feidhme na dtionscadal tosaíochta, tá amchlár dhochta iarrtha aici, agus tá sé iarrtha aici ar na Ballstáit na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil a mhéadú, go háirithe do ghréasán TEN-T. Chinntigh sí go dtugtar tosaíocht do chur chun cinn tionscadal a ngabhann 'breisluach Eorpach' soiléir leo, a bhfuil éifeachtaí dearfacha agus fadtéarmacha acu ar an gcomhshaol agus ar fhostaíocht agus a fhaigheann réidh le scrogaill, go háirithe san iompar iarnróid agus iompar comhcheangailte.

Le glacadh a rúin an Iúil 2007 dar teideal 'Coinnimis an Eoraip ag gluaiseacht – Soghluaisteacht inbhuanaithe dár n-ilchríoch'<sup>[1]</sup>, bhreathnaigh an Parlaimint ar an staid mar a bhí agus leag sí síos cuspóirí nua, go háirithe an gá an TEN iomlán a thabhairt chun críche chun an tairbhe is fearr a bhaint as na modhanna iompair uile ('cómhódúlacht'), agus an chothromaíocht idir modhanna (aistriú módach) a athdháileadh chun tionchar an iompair ar an gcomhshaol a laghdú. Chuir sí iompar iarnróid, bus agus muirí chun cinn, nach bhfuil ionann fós ach le sciar beag den mhargadh.

Thairis sin, sa rún uaithi an 22 Aibreán 2009 ar an bPáipéar Glas maidir le beartas TEN-T amach anseo<sup>[2]</sup>, d'athdhearbhaigh an Parlaimint a hiarraidh go dtabharfaí tosaíocht d'iarnróid (go háirithe do lastas), calafoirt, uiscebhealaí inbhuanaithe muirí agus intíre

[1] IO C 175 E, 24.7.2008, lch. 556.

[2] IO C 184 E, 8.7.2010, lch. 35.



agus a gceangail lena gcúlchríoch, agus nóid idirmhódúla i naisc bonneagair leis na Ballstáit nua agus tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad. Sa chomhthéacs sin, tá an Pharlaimint ag moladh go leathnófaí amach TEN-T chuig na tíortha a chumhdaítear i mBeartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) agus tíortha comhpháirtíochta na Meánmhara.

Le 15 bliana anuas, bhí an Pharlaimint páirteach in athbhreithniú ar reachtaíocht fhorluiteach maidir le TEN-T. I gcomhar leis an gComhairle, ghlac sí, faoin ngnáthnós imeachta reachtach, Cinneadh Uimh. 661/2010/AE an 7 Iúil 2010 lena n-athmhúnlaítear treoirlínte TEN-T. Leis sin, aisghaireadh Cinneadh Uimh. 1692/96/CE, Cinneadh Uimh. 1346/2001/CE agus Cinneadh Uimh. 884/2004/CE, agus áiríodh iarscríbhinn nua ann le léarscáileanna de na 27 mBallstát agus sonraíodh spriocdhátaí maidir le gréasán a bhunú i ngach ceann acu.

An 19 Samhain 2013, d'fhorhmeas an Pharlaimint treoirlínte nua TEN-T ar bhonn spriocanna beachta agus mhaoiniú AE méadaithe, agus leag sí amach fíis shoiléir maidir leis na croígréasáin iompair agus na gréasáin iompair chuimsitheacha a bhunú, le spriocdhátaí 2030 agus 2050 faoi seach. D'áitigh an Pharlaimint, *inter alia*, gur cheart roghnúchán na dtionscadal a bheith bunaithe ar an smaoineamh maidir le breisluach Eorpach (de bharr roghanna beartais agus/nó idirghabháil airgeadais a mbeadh feabhas suntasach agus intomhaiste ar naisc iompair agus ar shreafaí tráchta mar thoradh orthu). Thairis sin, chuir Parlaimint na hEorpa in iúl an gá 'measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch' a shainmhíniú mar mheastóireacht *ex ante* chainníochtaithe a dhéantar bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchuibhithe maidir le luach cláir nó tionscadail. Dar leis an bParlaimint, ba cheart go n-áireofaí sa mhodheolaíocht freisin gach tairbhe agus costas sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil, agus go mbeadh sí ina léiriú ar an rannchuidiú maidir le folláine.

Tar éis do Rialachán TEN-T (Rialachán Uimh. 1315/2013) teacht i bhfeidhm ag deireadh 2013, lean tacaíocht na Parlaiminte do TEN-T ar aghaidh. Ina rún an 9 Meán Fómhair 2015 maidir le cur chun feidhme Phaipéar Bán 2011 maidir le hlompar: an staid mar atá agus an bealach ar aghaidh i dtreo na soghluaisteachta inbhuanaithe<sup>[3]</sup>, threisigh an Pharlaimint tábhacht an iompair don gheilleagar agus do shoghluaisteacht saoránach, agus ag an am céanna chur sí béim ar an ngá infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar. Dar leis an bParlaimint, is réamhchoinníoll í tabhairt chun críche TEN-T do chóras iompair Eorpach inbhuanaithe agus éifeachtúil, ar gá don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chomh maith leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, é a neartú.

In 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh rialachán maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích. Ghlac an Pharlaimint a cinneadh ar an gcéad léamh i mí Feabhra 2019 agus tá an ngnáthnós imeachta reachtach ar siúl faoi láthair ([2018/0138\(COD\)](#)).

[Esteban Coito / Frédéric Gouardères](#)  
04/2019

---

[3] IO C 316, 22.9.2017, lch. 155.

